

# Ionsamhlúchán maidir le Gníomhú ar son na hAeráide: Náisiúin Fhorbartha



**Do:** Phríomh-Idirbheartaithe le haghaidh na Náisiún Forbartha (SAM, Ceanada, an tAontas Eorpach, an tSeapáin, an Rúis agus iar-Phoblachtaí Sóivéadacha eile, an Chóiré Theas, an Astráil, an Nua-Shéalainn)

**Ábhar:** Ullmhúchán don Chruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide

Fáilte go dtí an Cruinniú Mullaigh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Tá cuireadh tugtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe daoibh agus do cheannairí ó na geallsealbhóirí ábhartha uile oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt go rathúil ar an athrú aeráide. Sa chuireadh sin, chuir an tArdrúnaí [i bhfios](#) gur rás atá á chailleadh againn is ea an éigeandáil aeráide, ach is rás ar féidir linn é a bhuachan é ... Is léir ón taighde eolaíoch is fearr go bhfágfaidh aon ardú teochta 1.5 °C go ndéanfar damáiste mór do-aisiompaithe do na héiceachórais a choinníonn an dé ionainn ... Ach is léir dúinn ón taighde eolaíoch freisin nach bhfuil sé ródhéanach. Tá ar ár gcumas é a chur ina cheart ... Ach beidh claochluithe bunúsacha ag teastáil chuige sin i ngach gné den tsochaí – an chaoi a bhfásaimid bia agus a n-úsáidimid an talamh, ár rogha breosla le haghaidh iompair agus ár bhfoinsí cumhachta le haghaidh ár ngeilleagair ... Trí ghníomhú le chéile, ní fhágfaimid éinne chun deiridh.

Is é sprioc an chruinnithe mullaigh plean a chruthú chun teorainn is lú ná 2 °C [3.6°F] os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda agus iarracht a dhéanamh 1.5 °C [2.7 °F] a bhaint amach, arb iad na spriocanna idirnáisiúnta a aithníodh go foirmiúil i gComhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide iad. Níl aon amhras faoin [bhfianaise eolaíoch](#): fágfaidh téamh os cionn na teorann sin go mbeidh iarmhairtí tubaisteacha do-aisiompaithe ann a chuirfidh an tsláinte, rathúnas agus beatha daoine sna náisiúin uile i mbaol.

Tá sibhse ag déanamh ionadaíocht ar náisiúin fhorbartha an domhain (liostaithe thuas). Is é 1.3 billiún daonra na náisiúin sin le chéile, sin thart ar 17 % den 7.7 billiún duine ar domhan. Mar sin féin, gineann bhur náisiúin 60 % d'aschur eacnamaíoch an domhain agus tá an OTI (Olltáirgeacht Intíre) is airde *per capita* agaibh.

Tá liosta de bhur dtosaíochtaí beartais thíos. Is féidir libh, áfach, aon bheartas atá ar fáil a mholadh nó a bhlocáil.

- Fuinneamh in-athnuaite a fhóirdheonú (e.g. fuinneamh gréine, fuinneamh gaoithe, fuinneamh geoiteirmeach, hidreachumhacht, agus stóráil fuinnimh).** Tá tionscal an fhuinnimh in-athnuaite ag fás go tapa, ach fós féin is lú ná 5 % de sholáthar fuinnimh an domhain é. Cabhróidh fóirdheontais le fás na dtionscal sin, rud a chruthóidh poist in bhur náisiúin (más féidir libh dul níos tapa ná na teicneolaíochtaí gaoithe, gréine agus ceallraí atá á bhforbairt sa tSín agus i dtíortha eile atá i mbéal forbartha). Fágann stóráil (e.g., ceallraí, teirmeastóráil, hidreafhuinneamh pumpála) agus bainistiú dinimiciúil ualaigh le haghaidh cumhacht leictreach, gur féidir foinsí inathnuaite inathraithe amhail fuinneamh gaoithe agus gréine a chomhtháthú sa chóras fuinnimh agus cumhacht leictreach a sholáthar de lá is d'oíche ag an am céanna.
- Dífhoraíocht a laghdú.** Is é an dífhoraíocht is cúis le thart ar 15 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain faoi láthair. Tá roinnt mhaith den dífhoraíocht sin ag tarlú i bhforaíocht trópaiceacha bhur náisiúin, lena n-áirítear abhantrach na hAmasóine, an Áise Theas agus Thoir Theas, agus an Afraic. Is féidir na hastaíochtaí sin a laghdú trí fhoraíocht a chosaint agus an bhitheagsúlacht a chaomhnú agus an soláthar uisce a chosaint ag an am céanna.

3. **Machnamh a dhéanamh ar fhoraoisiú.** Is éard atá san fhoraoisiú fás foraoisí nua ar thalamh nach bhfuil crainn air, agus uaireanta is talamh é sin a bhí dífhoraoisithe nó díghrádaithe roimhe sin. De réir mar a fhásann crainn, baintear CO<sub>2</sub> as an atmaisféar agus déantar é a stóráil i mbithmhais agus in ithreacha. Dá gcuirfí an foraoisiú chun feidhme ar mhórsála, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as talamh a bhfuil gá leis le haghaidh barr nó beostoic, rud a mhéadódh praghsanna bia. Déanaigí bhur machnamh ar an méid talaimh a bheadh ag teastáil mar gheall ar na beartais foraoisithe atá á moladh agaibh agus ag grúpaí eile.
4. **Astaíochtaí meatáin, ocsaíde nítriúla agus gás ceaptha teasa eile a laghdú.** Is é CO<sub>2</sub> an gás ceaptha teasa is suntasaí, ach is gáis eile is cúis le thart ar an gceathrú cuid den téamh domhanda. Áirítear orthu sin meatán (CH<sub>4</sub>), ocsaíd nítriúil (N<sub>2</sub>O), agus raon leathan clórafluaracarbón agus comhdhúile fluairínithe eile (gáis-F mar a thugtar orthu). Ó thaobh áireamh na móilíní de, cuirfidh roinnt mhaith de na gáis neamh-CO<sub>2</sub> na scórtha, na céadta nó na mílte oiread, fiú, níos mó leis an téamh domhanda sa chéad aois eile ná CO<sub>2</sub>. Cé go bhfuil a dtiúchan íseal, tá siad ag fás go tapa.
5. **Cinneadh a dhéanamh ar cheart infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt le haghaidh foinse nua fuinnimh ísealchostais saor ó charbón.** Creideann roinnt eolaithe go gcuirfeadh cineál nua fuinnimh núicléach, amhail eamhnú tóiriam nó comhleá núicléach, an fhoinsé fuinnimh is fearr ar fáil mar mhalairt ar bhreoslaí iontaise, agus, dar leo, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí den sórt sin leictreachas ar chostas íseal agus saor ó charbón a chur ar fáil ar an scála cuí. Tá roinnt ollscoileanna agus cuideachtaí mór le rá ag féachaint ar réitigh fuinnimh núicléach nua a bhfuil gealladh fúthu. Níl na teicneolaíochtaí nua sin ar fáil faoi láthair, áfach, agus bheadh infheistíocht mhór ag teastáil le go mbeidís inmharthana ó thaobh na tráchtála de.
6. **Cinneadh a dhéanamh an féidir forbairtí suntasacha a dhéanamh i dteicneolaíocht bainte carbóin.** Sa réimse teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn maidir le baint dé-ocsaíde carbóin (CDR), féachtar le modhanna chun CO<sub>2</sub> atá san atmaisféar cheana féin a bhaint. I measc na dteicneolaíochtaí sin tá athruithe ar chleachtais talmhaíochta a d'fhéadfaí a chur chun feidhme inniu nó teicneolaíochtaí amhantracha agus neamhchruthaithe amhail Gabháil ón Aer (DAC). Féadfaidh bhur ngrúpa a chinneadh infheistíocht a dhéanamh sna teicneolaíochtaí sin.
7. **Machnamh a dhéanamh ar phraghas a chur ar astaíochtaí CO<sub>2</sub>.** Tá breoslaí iontaise fós in úsáid go fada fairsing sa chóras fuinnimh domhanda, agus is é an CO<sub>2</sub> a astaíonn siadsan is mó i bhfad a chuireann leis an athrú aeráide. Tá na heacnamaithe ar aon fhocal faoi gur praghsáil carbóin an bealach is fearr chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar fud an domhain. Déanaigí bhur machnamh ar phraghas a chur ar charbón, arbh fhéidir é a chéimniú isteach de réir a chéile le go mbeadh am ag lucht tionscail agus ag tomhaltóirí iad féin a chur in oiriúint dó. D'fhéadfaí an t-ioncam a íoc leis an bpobal nó d'fhéadfadh sé a bheith ina chabhair le costais beartas eile a fhritháireamh, easnaimh fhioscacha a laghdú, nó cabhair a thabhairt chun cabhrú le náisiúin atá i mbéal forbartha a gcuid astaíochtaí a laghdú. Cé go bhfuil praghsanna carbóin curtha chun feidhme i roinnt de bhur dtíortha, stáit agus réigiúin, tá a bhformhór i bhfad níos ísle ná \$30-50 in aghaidh an tonna de CO<sub>2</sub>, nó níos mó, atá molta ag roinnt mhaith eacnamaithe. Tá an tionscal breoslaí iontaise, mar aon le cuideachtaí a bhraitheann go mór ar bhreoslaí iontaise, i gcoinne praghsáil carbóin.

## Breithnithe breise

Aithníonn sibh gur fíor-rud é an t-athrú aeráide, arb é dó breoslaí iontaise go príomha is cúis leis, agus gur baol mór é do dhaoine ar fud an domhain – bhur mhuintir féin san áireamh. Is iolraitheoir bagartha tromchúiseach é an t-athrú aeráide a bhaineann an bonn den tslándáil náisiúnta, ós rud é go spreagann an damáiste a dhéanann an t-athrú aeráide coinbhleacht agus imirce, rud atá ina chúis cheana féin le frithghníomhú i measc daoine áirithe agus le beartais fhrith-inimirceacha a bheith á bhforchur.

Ag an am céanna, braitheann bhur náisiúin ar bhreoslaí iontaise – is iad bhur náisiúin is cúis le 36 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an domhain inniu, agus le céatadán i bhfad níos airde de na hastaíochtaí carnacha ó bhí an réabhlóid thionsclaíoch ann. Braitheann geilleagair roinnt náisiúin in bhur

ngrúpa ar onnmhairiú breoslaí iontaise, go háirithe an Rúis (ola agus gás), an Astráil (gual) agus Ceanada (ola ó ghainimh tarra). D'fhógair na Stáit Aontaithe go bhfuil sé ar intinn acu tarraingt siar ó Chomhaontú Pháras 2015 maidir leis an Athrú Aeráide, agus tá rialtas cónaidhme na Stát Aontaithe ag cur moill ar a lán beartas atá neamhdhíobhálach don aeráid. Ag an am céanna, dhearbhaigh [na scórtha stát](#) agus na céadta cathracha, contaetha agus gnóthas sna Stáit Aontaithe go bhfuil siad [fós ar son Chomhaontú Pháras](#) agus gheall siad go n-éireodh leo a gcion de ghealltanais na Stát Aontaithe a shásamh nó go sáróidís an cion sin. Tá a lán rialtas agus gnólachtaí ag teacht ar an tuiscint go bhfuil beartais atá neamhdhíobhálach don aeráid chun leasa an gheilleagair freisin. Is minic a bhíonn brabús le baint as an éifeachtúlacht fuinnimh, agus as foinsí in-athnuaite ar nós na gaoithe agus na gréine, rud a chruthaíonn poist agus a fheabhsaíonn an tsláinte phoiblí.

Cé go bhfuil bhur náisiúin ag déanamh a ndíchill chun bhur gcuid astaíochtaí gás ceaptha teasa féin a laghdú, aithníonn sibh gurb í an tSín an tír a astaíonn an méid is mó ar domhan (28 % d'astaíochtaí domhanda), agus go n-astaíonn na tíortha atá i mbéal forbartha agus na tíortha atá ag teacht chun cinn go tapa thart ar 65 % de na hastaíochtaí domhanda, cé go mbíonn astaíochtaí in aghaidh an duine sna náisiúin sin íseal.